2025/2167

29.10.2025

COMHAONTÚ IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS POBLACHT CHÓNAIDHMITHEACH NA BRASAÍLE MAIDIR LE COMHAR LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH I NDÁIL LE COMHAR I bhFORFHEIDHMIÚ AN DLÍ (EUROPOL) AGUS LE PÓILÍNÍ CÓNAIDHME NA BRASAÍLE, AGUS TRÍOTHU

AN TAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' nó 'AE' anseo feasta freisin,

agus

POBLACHT CHÓNAIDHMITHEACH NA BRASAÍLE, dá ngairtear 'an Bhrasaíl' anseo feasta freisin,

dá ngairtear 'na Páirtithe Conarthacha' go comhpháirteach anseo feasta,

ÓS RUD É, trí mhalartú sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a cheadú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis inniúla na Brasaíle, go gcruthófar leis an gComhaontú seo an creat le haghaidh comhar oibríochtúil feabhsaithe idir an tAontas agus an Bhrasaíl i réimse fhorfheidhmiú an dlí, agus an tráth céanna go ndéanfar cearta an duine agus saoirsí bunúsacha na ndaoine uile lena mbaineann a chosaint, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais agus cosaint sonraí,

ÓS RUD É go bhfuil an Comhaontú seo gan dochar do shocruithe maidir le cúnamh frithpháirteach dlí idir an Bhrasaíl agus Ballstáit an Aontais lena gceadaítear malartú sonraí pearsanta,

ÓS RUD É nach gcuirtear leis an gComhaontú seo aon cheanglas ar na húdaráis inniúla sonraí pearsanta nó neamhphearsanta a aistriú agus gur ar bhonn deonach a dhéanfar aon sonraí pearsanta nó neamhphearsanta a iarrtar faoin gComhaontú seo a roinnt,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cuspóir agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Chomhaontú seo caidreamh comhoibritheach a bhunú idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus údaráis inniúla na Brasaíle agus aistriú sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a cheadú eatarthu, chun tacú agus treisiú leis an ngníomhaíocht arna déanamh ag údaráis Bhallstáit an Aontais agus údaráis na Brasaíle, agus lena gcomhar frithpháirteach i ndáil le cionta coiriúla, lena n-áirítear coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht, a chosc agus a chomhrac, agus coimircí iomchuí á n-áirithiú i ndáil le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha daoine aonair, lena n-áirítear an ceart chun príobháideachais agus cosaint sonraí, an tráth céanna.

2. Le raon feidhme an Chomhaontaithe seo, cumhdaítear comhar idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle i réimsí gníomhaíochtaí Europol agus laistigh d'inniúlacht agus cúraimí Europol, mar a leagtar amach i Rialachán Europol, mar a chuirtear i bhfeidhm é i gcomhréir leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus sa Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'Páirtithe Conarthacha' an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle;

(2) Ciallaíonn 'Europol' Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí, a bunaíodh faoi Rialachán Europol;

(3) Ciallaíonn 'Rialachán Europol' Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO AE L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj), lena n-áirítear aon leasú air, nó aon rialachán a chuirtear in ionad an Rialacháin sin;

(4) ciallaíonn ‘údaráis inniúla’, i gcás na Brasaíle, na húdaráis forfheidhmithe dlí intíre atá freagrach faoi dhlí náisiúnta na Brasaíle as cionta coiriúla a chosc agus a chomhrac, mar a liostaítear in Iarscríbhinn II (‘údaráis inniúla na Brasaíle’) agus a ngníomhóidh pointe teagmhála náisiúnta ainmnithe ina leith laistigh de Phóilíní Cónaidhme na Brasaíle mar lárphointe teagmhála le Europol i gcomhréir le hAirteagal 26, agus, i gcás an Aontais, Europol;

(5) ciallaíonn ‘comhlachtaí de chuid an Aontais’ institiúidí, comhlachtaí, misin, oifigí agus gníomhaireachtaí arna mbunú le CAE agus le CFAE, nó arna mbunú ar bhonn na gconarthaí sin, mar a liostaítear in Iarscríbhinn III;

(6) ciallaíonn ‘cionta coiriúla’ na cineálacha coireachta a liostaítear in Iarscríbhinn I agus cionta coiriúla gaolmhara; meastar cionta coiriúla le bheith gaolmhar leis na cineálacha coireachta a liostaítear in Iarscríbhinn I má dhéantar iad chun modh a fháil chun coireanna den sórt sin a dhéanamh, chun coireanna den sórt sin a éascú nó chun coireanna den sórt sin a dhéanamh, nó chun a áirithiú go mbeidh na daoine a dhéanfaidh coireanna den sórt sin saor ó phionós;

(7) ciallaíonn ‘sonraí pearsanta’ aon fhaisnéis a bhaineann le hábhar sonraí;

(8) ciallaíonn ‘sonraí neamhphearsanta’ faisnéis seachas sonraí pearsanta;

(9) ciallaíonn ‘ábhar sonraí’ duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta, is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’ aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine sin;

(10) ciallaíonn ‘sonraí géiniteacha’ na sonraí pearsanta uile a bhaineann le tréithe géiniteacha duine aonair, ar tréithe ó oidhreacht nó tréithe faighte iad, agus a thugann sainfhaisnéis uathúil faoi fhiseolaíocht nó faoi shláinte an duine aonair sin, ar sonraí iad a fuarthas go háirithe mar thoradh ar anailís arna déanamh ar shampla bitheolaíoch ón duine aonair atá i gceist;

(11) ciallaíonn ‘sonraí bithmhéadracha’ sonraí pearsanta a eascraíonn as próiseáil theicniúil ar leith agus a bhaineann le saintréithe fisiciúla, fiseolaíocha nó iompraíochta duine nádúrtha, ar sonraí iad lena gceadaítear nó lena ndeimhnítear sainaithint uathúil an duine nádúrtha sin, amhail íomhánna den aghaidh nó sonraí dachtalascópacha;

(12) ciallaíonn ‘próiseáil’, aon oibríocht nó aon sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar thacair sonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

(13) ciallaíonn ‘sárú i ndáil le sonraí pearsanta’ sárú ar shlándáil as a dtagann díothú, caillteanas, athrú nó nochtadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta a rinneadh a tharchur, a stóráil nó a phróiseáil ar bhealach eile, nó rochtain neamhúdaraithe ar na sonraí sin, bíodh sé sin de thaisme nó go neamhdhleathach;

(14) ciallaíonn ‘údarás maoirseachta’ údarás neamhspleáchintíre amháin nó níos mó atá, ina aonar nó go carnach, freagrach as cosaint sonraí i gcomhréir le hAirteagal 14 den Chomhaontú seo agus ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir leis an Airteagal sin; d’fhéadfadh údaráis a gcumhdaíonn a bhfreagracht cearta eile an duine freisin a bheith san áireamh leis sin;

(15) ciallaíonn ‘eagraíocht idirnáisiúnta’ eagraíocht agus a fochomhlachtaí arna rialú ag an dlí idirnáisiúnta poiblí, nó aon chomhlacht eile, a bhunaítear le comhaontú idir dhá thír nó níos mó nó a bhunaítear ar bhonn comhaontú den sórt sin.

CAIBIDIL II

MALARTÚ SONRAÍ PEARSANTA AGUS COSAINT SONRAÍ

AIRTEAGAL 3

Na cuspóirí a bhaineann le sonraí pearsanta a phróiseáil

1. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a iarrtar agus a fhaightear faoin gComhaontú seo a phróiseáil ach amháin chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorchur, laistigh de theorainneacha Airteagal 4(5) agus de shainorduithe na n-údarás inniúil faoi seach.

2. Léireoidh na húdaráis inniúla go soiléir, tráth aistriú na sonraí pearsanta ar a dhéanaí, an cuspóir sonrach nó na cuspóirí sonracha dá bhfuil na sonraí á n-aistriú. Le haghaidh aistrithe chuig Europol, sonrófar cuspóir nó cuspóirí an aistrithe sin i gcomhréir le cuspóir sonrach nó cuspóirí sonracha na próiseála arna leagan amach i Rialachán Europol. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha cinneadh a dhéanamh de chomhthoil go bhféadfar na sonraí pearsanta a aistreofar a phróiseáil chun críche forlíontaí comhoiriúnaí sonraí, a shonrófar tráth comhthola den sórt sin agus a thiocfaidh faoi raon feidhme mhír 1.

AIRTEAGAL 4

Prionsabail ghinearálta cosanta sonraí

1. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach foráil maidir le sonraí pearsanta a mhalartófar faoin gComhaontú seo mar a leanas:

(a) déanfar iad a phróiseáil go cóir agus go dleathach i gcomhréir leis na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 29(1), chun na críche nó chun na gcríoch dár aistríodh iad i gcomhréir le hAirteagal 3, agus chun na críche nó chun na gcríoch sin amháin;

(b) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá i ndáil leis an gcuspóir nó na cuspóirí dá ndéantar iad a phróiseáil;

(c) beidh siad cruinn agus coimeádfar cothrom le dáta iad; forálfaidh gach Páirtí Conarthach go ndéanfaidh a chuid údarás inniúil gach beart réasúnta lena áirithiú go gceartófar nó go léirscriosfar gan moill mhíchuí sonraí pearsanta atá míchruinn, ag féachaint do na cuspóirí dá ndéantar iad a phróiseáil;

(d) coimeádfar iad i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch dá ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil;

(e) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach lena n-áirithítear slándáil iomchuí na sonraí pearsanta.

2. Tráth aistriú na sonraí pearsanta, féadfaidh údarás inniúil an aistrithe aon srian ar rochtain orthu nó ar an úsáid atá le baint astu a chur in iúl i dtéarmaí ginearálta nó i dtéarmaí sonracha, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-aistriú ar aghaidh, lena léirscriosadh nó lena ndíothú tar éis tréimhse áirithe ama, nó leis an bpróiseáil bhreise a dhéanfar orthu. I gcás inar léir go bhfuil gá le srianta den sórt sin tar éis an fhaisnéis a sholáthar, cuirfidh údarás inniúil an aistrithe an t-údarás is faighteoir ar an eolas dá réir sin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go gcomhlíonfaidh an t-údarás inniúil is faighteoir aon srian ar rochtain nó ar úsáid bhreise na sonraí pearsanta arna gcur in iúl ag údarás inniúil an aistrithe mar a thuairiscítear i mír 2.

4. Forálfaidh gach Páirtí Conarthach go gcuirfidh a údaráis inniúla bearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí chun feidhme ionas go mbeifear in ann a thaispeáint go gcomhlíonfaidh an phróiseáil an Comhaontú seo agus go gcosnófar cearta na n-ábhar sonraí lena mbaineann.

5. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach nach n-aistreoidh a údaráis inniúla sonraí pearsanta a fuarthas i sárú follasach ar chearta an duine a aithnítear le noirm an dlí idirnáisiúnta atá ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach nach mbainfear úsáid as na sonraí pearsanta a fhaightear chun pionós an bháis nó aon chineál céastóireachta nó íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a iarraidh, a thabhairt nó a chur i gcrích.

6. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go gcoimeádfar taifead de gach aistriú sonraí pearsanta faoin gComhaontú seo agus de chuspóir nó cuspóirí na n-aistrithe sin.

AIRTEAGAL 5

Catagóirí speisialta sonraí pearsanta agus catagóirí éagsúla ábhar sonraí

1. Toirmiscfear aistriú agus próiseáil bhreise sonraí pearsanta i leith íospartaigh ciona choiriúil, finnéithe nó daoine eile a fhéadann faisnéis a sholáthar a bhaineann le cionta coiriúla, nó i leith daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, ach amháin má tá géarghá leis an aistriú sin agus má tá sé comhréireach i gcásanna aonair chun cion coiriúil a chosc nó a chomhrac.

2. Ní cheadófar aistriú agus próiseáil bhreise sonraí pearsanta lena nochtar bunadh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ná ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha, sonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, ná sonraí a bhaineann leis an tsláinte, ná sonraí a bhaineann le saol gnéis nó gnéaschlaonadh duine nádúrtha ach amháin i gcás ina bhfuil géarghá leis agus ina bhfuil sé comhréireach i gcásanna aonair chun cion coiriúil a chosc nó a chomhrac, agus más rud é go gcuireann na sonraí sin, seachas sonraí bithmhéadracha, le sonraí pearsanta eile.

3. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go mbeidh próiseáil sonraí pearsanta faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo faoi réir coimircí iomchuí chun cosaint a thabhairt in aghaidh na rioscaí sonracha atá i gceist, lena n-áirítear srianta ar rochtain, bearta maidir leis an slándáil sonraí de réir bhrí Airteagal 19 agus teorainneacha ar aistrithe ar aghaidh faoi Airteagal 7.

AIRTEAGAL 6

Uathphróiseáil sonraí pearsanta

Toirmiscfear cinntí atá bunaithe go huile agus go hiomlán ar uathphróiseáil na sonraí pearsanta a mhalartaítear, lena n-áirítear próifíliú, a d'fhéadfadh éifeacht dhíobhálach dhlíthiúil a bheith aige ar an ábhar sonraí nó a d'fhéadfadh difear mór a dhéanamh dó nó di, mura n-údaraítear sin leis an dlí chun cion coiriúil a chosc nó a chomhrac agus mura bhfuil coimircí iomchuí ann do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí, lena n-áirítear ar a laghad an ceart chun idirghabháil ón duine a fháil.

AIRTEAGAL 7

Na sonraí pearsanta a fhaightear a aistriú ar aghaidh

1. Áiritheoidh an Bhrasaíl nach n-aistreoidh a húdaráis inniúla sonraí pearsanta a fhaightear faoin gComhaontú seo chuig údaráis eile sa Bhrasaíl ach amháin sa chás seo a leanas:

(a) tá údarú sainráite tugtha ag Europol roimh ré;

(b) is ionann cuspóir nó cuspóirí an aistrithe ar aghaidh agus cuspóir nó cuspóirí bunaidh an aistrithe a dhéanfadh Europol; agus

(c) tá an t-aistriú ar aghaidh faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí céanna leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an aistriú bunaidh.

Gan dochar d'Airteagal 4(2), ní gá an ceanglas a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh i gcás inar údarás inniúil de chuid na Brasaíle é an t-údarás féin is faighteoir.

2. Áiritheoidh an tAontas nach n-aistreoidh Europol sonraí pearsanta a fhaightear faoin gComhaontú seo chuig údaráis san Aontas seachas na húdaráis sin a liostaítear in Iarscríbhinn III ach amháin sna cásanna seo a leanas:

(a) tá údarú sainráite tugtha ag an mBrasaíl roimh ré;

(b) is ionann cuspóir nó cuspóirí an aistrithe ar aghaidh agus cuspóir nó cuspóirí bunaidh an aistrithe a dhéanfadh an Bhrasaíl; agus

(c) tá an t-aistriú ar aghaidh faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí céanna leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an aistriú bunaidh.

Gan dochar d'Airteagal 4(2), ní gá an ceanglas a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh i gcás inar cheann de na comhlachtaí nó na húdaráis a liostaítear in Iarscríbhinn III é an t-údarás féin is faighteoir.

3. Áiritheoidh an Bhrasaíl go dtoirmiscfear sonraí pearsanta a fhaigheann a húdaráis inniúla faoin gComhaontú seo a aistriú ar aghaidh chuig údaráis tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá údarú sainráite tugtha ag Europol roimh ré;

(b) is ionann cuspóir nó cuspóirí an aistrithe ar aghaidh agus cuspóir nó cuspóirí bunaidh an aistrithe a dhéanfadh Europol; agus

(c) tá an t-aistriú ar aghaidh faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí céanna leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an aistriú bunaidh.

4. Ní fhéadfaidh Europol a údarú faoi mhír 3, pointe (a), a dheonú le haghaidh aistriú ar aghaidh chuig údarás tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta más rud é go bhfuil agus a mhéid atá cinneadh leordhóthanachta, comhaontú idirnáisiúnta lena soláthraítear coimircí iomchuí i ndáil leis an gceart chun príobháideachais agus cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint, comhaontú comhair nó aon fhoras dlíthiúil eile le haghaidh aistrithe sonraí pearsanta de réir bhrí Rialachán Europol lena gcumhdaítear an t-aistriú ar aghaidh i bhfeidhm.

5. Áiritheoidh an tAontas go dtoirmiscfear sonraí pearsanta a fhaigheann Europol faoin gComhaontú seo a aistriú ar aghaidh chuig údaráis tríú tíortha nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta, mura gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá údarú sainráite tugtha ag an mBrasaíl roimh ré;

(b) is ionann cuspóir nó cuspóirí an aistrithe ar aghaidh agus cuspóir bunaidh an aistrithe a dhéanfadh an Bhrasaíl; agus

(c) tá an t-aistriú ar aghaidh faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí céanna leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an aistriú bunaidh.

6. Agus an tAirteagal seo á chur i bhfeidhm, ní cheadófar catagóirí speisialta sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 5 a aistriú ar aghaidh ach amháin má tá géarghá leis na haistrithe ar aghaidh sin agus má tá siad comhréireach i gcásanna aonair a bhaineann le cionta coiriúla.

AIRTEAGAL 8

Ceart rochtana

1. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go mbeidh sé de cheart ag an ábhar sonraí, ag eatraimh réasúnacha, faisnéis a fháil maidir le cé acu a dhéanfar sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a phróiseáil faoin gComhaontú seo, agus, i gcás ina ndéanfar sin, rochtain a bheith acu ar an bhfaisnéis seo a leanas ar a laghad:

(a) dearbhú maidir le cibé acu an bhfuil sonraí a bhaineann leis nó léi á bpróiseáil;

(b) faisnéis maidir le cuspóir nó cuspóirí na próiseála, na catagóirí sonraí atá i gceist, agus i gcás inarb infheidhme, na faighteoirí nó na catagóirí d'fhaighteoirí a bhfuil na sonraí á nochtadh dóibh;

(c) gur ann don cheart a iarraidh ar an údarás inniúil sonraí pearsanta a cheartú nó a léirscriosadh, nó próiseáil sonraí pearsanta a shrianadh, a mhéid a bhaineann leis an ábhar sonraí;

(d) léiriú ar an bhforas dlí le haghaidh na próiseála;

(e) fad na tréimhse atá beartaithe ina stórálfar na sonraí pearsanta, nó i gcás nach féidir é sin a thabhairt, na critéir a úsáidtear chun an tréimhse sin a chinneadh;

(f) cumarsáid i bhfoirm intuigthe faoi na sonraí a bhfuil próiseáil á déanamh orthu agus faoi aon fhaisnéis atá ar fáil faoina gcuid foinsí.

2. I gcásanna ina bhfeidhmítear an ceart rochtana de bhun mhír 1, rachfar i gcomhairle le Páirtí Conarthach an aistrithe i scríbhinn, ar bhonn neamhcheangailteach, sula ndéanfar cinneadh críochnaitheach maidir leis an iarraidh ar rochtain.

3. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha foráil a dhéanamh go gcuirfear moill ar an soláthar faisnéise mar fhreagairt ar aon iarraidh faoi mhír 1 nó go ndiúltófar í nó go ndéanfar í a shrianadh más beart atá sa mhoill, sa diúltú nó sa srianadh a bhfuil gá leis agus comhréireach agus cearta bunúsacha agus leasanna bunúsacha an ábhair sonraí á gcur san áireamh acu, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú nach gcuirfear aon imscrúdú coiriúil ná ionchúiseamh i mbaol;

(b) cearta agus saoirse tríú páirtithe a chosaint; nó

(c) slándáil náisiúnta agus ord poiblí a chosaint nó an choireacht a chosc.

4. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go gcuirfidh an t-údarás inniúil a bhfuil an iarraidh faighte aige cheana an t-ábhar sonraí ar an eolas i scríbhinn faoi aon mhoill, dhiúltú nó shrianadh rochtana agus faoi na cúiseanna atá le moill, diúltú nó srianadh rochtana den sórt sin. Féadfar na cúiseanna sin a fhágáil ar lár má bhaineann sé sin an bonn de chuspóir na moille, an diúltaithe nó an tsrianta faoi mhír 3 agus a fhad a dhéanfadh sé sin an bonn a bhaint de na críocha sin. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-ábhar sonraí ar an eolas faoin bhféidearthacht gearán a thaisceadh leis na húdaráis mhaoirseachta ábhartha agus faoi mhodhanna sásaimh riaracháin agus bhreithiúnaigh eile atá ar fáil dá bhforáiltear i gcreataí dlíthiúla na bPáirtithe Conarthacha faoi seach.

AIRTEAGAL 9

An ceart go ndéanfaí ceartúchán, léirscriosadh agus srianadh

1. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go mbeidh sé de cheart ag an ábhar sonraí go ndéanfaidh na húdaráis inniúla sonraí pearsanta míchruinne a aistrítear faoin gComhaontú seo a cheartú. Agus cuspóir nó cuspóirí na próiseála á gcur san áireamh, áirítear air sin an ceart go gcomhlánófaí sonraí pearsanta atá neamhiomlána a aistríodh faoin gComhaontú seo.

2. Áireofar le ceartúchán léirscriosadh sonraí pearsanta nach bhfuil gá leo a thuilleadh chun na críche nó na críocha ar chucu a rinneadh iad a phróiseáil.

3. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha foráil a dhéanamh go ndéanfar próiseáil a shrianadh seachas go ndéanfaí sonraí pearsanta a léirscriosadh má tá forais réasúnacha ann lena chreidiúint go bhféadfadh léirscriosadh den sórt sin difear a dhéanamh do leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí.

4. Cuirfidh na húdaráis inniúla a chéile ar an eolas faoi bhearta a ghlacfar de bhun mhíreanna 1, 2 agus 3. Déanfaidh an t-údarás inniúil is faighteoir na sonraí sin a cheartú, a léirscriosadh nó próiseáil a shrianadh i gcomhréir leis an ngníomhaíocht a dhéanfaidh údarás inniúil an aistrithe.

5. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha foráil go gcuirfidh an t-údarás inniúil a fuair an iarraidh an iarraidh in iúl don ábhar sonraí i scríbhinn gan moill mhíchuí, agus in aon chás laistigh de 3 mhí ón iarraidh a fháil i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, go bhfuil na sonraí a bhaineann leis an ábhar sonraí ceartaithe, léirscriosta nó go ndearadh a bpróiseáil a shrianadh.

6. Forálfaidh na Páirtithe Conarthacha go ndéanfaidh an t-údarás inniúil a fuair an iarraidh an t-ábhar sonraí a chur ar an eolas i scríbhinn, gan aon mhoill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 3 mhí ón iarraidh a fháil go ndearnadh aon ceartú, léirscriosadh nó srianadh ar phróiseáil a dhiúltú, na cúiseanna leis an diúltú sin agus an fhéidearthacht gearán a thaisceadh leis na húdaráis mhaoirseachta ábhartha agus modhanna sásaimh riaracháin agus bhreithiúnaigh eile atá ar fáil dá bhforáiltear i gcreataí dlíthiúla na bPáirtithe Conarthacha faoi seach.

AIRTEAGAL 10

Fógra faoi shárú i ndáil le sonraí pearsanta a thabhairt do na húdaráis lena mbaineann

1. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha, i gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta a dhéanann difear do shonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú seo, go dtabharfaidh na húdaráis inniúla ábhartha fógra dá chéile, agus dá n-údaráis mhaoirseachta faoi seach, gan mhoill faoin sárú i ndáil le sonraí pearsanta sin agus go ndéanfaidh siad bearta chun na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú sin a mhaolú.

2. Déanfar an méid seo a leanas ar a laghad san fhógra:

(a) tabharfar tuairisc ar chineál an tsáraithe i ndáil le sonraí pearsanta, lena n-áirítear, nuair is féidir, na catagóirí agus an líon ábhar sonraí lena mbaineann agus na catagóirí agus an líon taifead sonraí pearsanta lena mbaineann;

(b) tabharfar tuairisc ar iarmhairtí dóchúla an tsáraithe i ndáil le sonraí pearsanta;

(c) tabharfar tuairisc ar na bearta atá déanta ag an údarás inniúil nó atá beartaithe aige a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an sárú i ndáil le sonraí pearsanta, lena n-áirítear na bearta atá déanta chun aon éifeacht dhíobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú a mhaolú.

3. A mhéid nach féidir an fhaisnéis uile is gá a chur ar fáil an tráth céanna, féadfar í a sholáthar i gcéimeanna. Soláthrófar an fhaisnéis bhreise gan tuilleadh moille míchuí.

4. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go ndéanfaidh a n-údaráis inniúla faoi seach aon sárú i ndáil le sonraí pearsanta a dhéanann difear do na sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú seo a dhoiciméadú, lena n-áirítear na fíricí a bhaineann leis an sárú, na héifeachtaí a bhaineann leis agus na gníomhaíochtaí feabhais a rinneadh, rud a chuirfidh ar chumas a n-údarás maoirseachta faoi seach a fhíorú go bhfuil na ceanglais dhlíthiúla is infheidhme á gcomhlíonadh.

AIRTEAGAL 11

Sárú i ndáil le sonraí pearsanta a chur in iúl don ábhar sonraí

1. I gcás sárú i ndáil le sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 10 ar dócha go ndéanfadh sé difear díobhálach tromchúiseach do chearta agus do shaoirsí an ábhair sonraí, déanfaidh na Páirtithe Conarthacha foráil go gcuirfidh a n-údaráis inniúla faoi seach an sárú i ndáil le sonraí pearsanta in iúl don ábhar sonraí gan moill mhíchuí.

2. Maidir leis an gcumarsáid chuig an ábhar sonraí de bhun mhír 1, tabharfar tuairisc inti, i gcás inar féidir, ar chineál an tsáraithe i ndáil le sonraí pearsanta, molfar inti bearta chun aon éifeacht dhíobhálach a d'fhéadfadh a bheith ag an sárú i ndáil le sonraí pearsanta a mhaolú agus soláthrófar inti ainm agus mionsonraí teagmhála an phointe teagmhála ónar féidir tuilleadh faisnéise a fháil.

3. Ní bheidh gá an chumarsáid a chur chuig an ábhar sonraí de bhun mír 1 sna cásanna seo a leanas:

(a) má bhí na sonraí pearsanta a bhaineann leis an sárú faoi réir bearta iomchuí teicneolaíocha cosanta a fhágann nach mbeidh aon duine nach bhfuil údaraithe chun rochtain a fháil ar na sonraí sin in ann iad a thuiscint;

(b) má rinneadh bearta ina dhiaidh sin a d'áiritheodh nach dócha a thuilleadh go ndéanfaí dochar tromchúiseach do chearta ná do shaoirsí an ábhair sonraí; nó

(c) dá mbeadh iarracht dhíréireach ag baint le cumarsáid chuig an ábhar sonraí de bhun mhír 1, go háirithe i ngeall ar an líon cásanna lena mbaineann; i gcás den sórt sin, eiseofar teachtaireacht phoiblí nó glacfar beart comhchosúil trína dtabharfar fógra don ábhar sonraí ar bhealach atá chomh héifeachtúil céanna.

4. Féadfar moill a chur ar an gcumarsáid chuig an ábhar sonraí de bhun mhír 1 nó féadfar í a shrianadh nó a fhágáil ar lár i gcás inar dhócha go mbeadh na nithe seo a leanas ina dtoradh air sin:

(a) go gcuirfí bac ar fhiosrúcháin, imscrúduithe nó nósanna imeachta oifigiúla nó dlíthiúla;

(b) go ndéanfaí dochar do chosc, do bhrath, d'imscrúdú agus d'ionchúiseamh cionta coiriúla nó d'fhorghníomhú pionós coiriúil, ord poiblí nó slándáil náisiúnta;

(c) go ndéanfaí difear do chearta agus do shaoirse tríú páirtithe;

i gcás ina bhfuil gá leis an mbeart, agus é comhréireach, agus aird chuí á tabhairt ar leasanna dlisteanacha an ábhair sonraí lena mbaineann.

AIRTEAGAL 12

Sonraí pearsanta a stóráil, a athbhreithniú, a cheartú agus a scriosadh

1. Forálfaidh na Páirtithe Conarthacha go mbunófar teorainneacha ama iomchuí maidir le sonraí pearsanta a fhaightear faoin gComhaontú seo a stóráil nó maidir le hathbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an ngá atá le sonraí pearsanta a stóráil, ionas nach stórálfar sonraí pearsanta ach fad is gá chun na críche nó na gcríoch dá n-aistrítear iad.

2. In aon chás, déanfar an gá le stóráil leantach sonraí pearsanta a athbhreithniú tráth nach déanaí ná 3 bliana tar éis aistriú na sonraí pearsanta, agus mura ndéantar aon chinneadh a bhfuil bonn cirt leis agus a dhoiciméadaítear maidir le stóráil leantach sonraí pearsanta, léirscriosfar na sonraí pearsanta go huathoibríoch tar éis 3 bliana.

3. I gcás ina bhfuil cúis ag údarás inniúil a chreidiúint go bhfuil sonraí pearsanta a d'aistrigh sé roimhe sin mícheart, míchruinn, nó nach bhfuil siad cothrom le dáta a thuilleadh, nó nár cheart iad a bheith aistrithe, cuirfidh sé an t-údarás inniúil is faighteoir ar an eolas, ceartóidh nó scriosfaidh an t-údarás sin na sonraí sin, agus tabharfaidh sé fógra ina leith d'údarás inniúil an aistrithe.

4. I gcás ina bhfuil cúis ag údarás inniúil a chreidiúint go bhfuil sonraí pearsanta a fuair sé roimhe sin mícheart nó míchruinn, nó nach bhfuil siad cothrom le dáta a thuilleadh, nó nár cheart iad a bheith aistrithe, cuirfidh sé údarás inniúil an aistrithe ar an eolas, agus cuirfidh an t-údarás sin a sheasamh ar fáil maidir leis an ábhar. I gcás ina gcinnfidh údarás inniúil an aistrithe go bhfuil na sonraí pearsanta mícheart nó míchruinn, nó nach bhfuil siad cothrom le dáta a thuilleadh, nó nár cheart iad a bheith aistrithe, cuirfidh sé an t-údarás inniúil is faighteoir ar an eolas, agus ceartóidh nó scriosfaidh an t-údarás sin na sonraí sin, agus tabharfaidh sé fógra ina leith d'údarás inniúil an aistrithe.

AIRTEAGAL 13

Logáil agus doiciméadacht

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha foráil maidir le logaí agus doiciméadacht a choimeád i ndáil le bailiú, athrú, rochtain agus nochtadh (lena n-áirítear aistrithe ar aghaidh), comhcheangal agus léirscriosadh sonraí pearsanta.

2. Cuirfear logaí nó doiciméadacht dá dtagraítear i mír 1 ar fáil don údarás maoirseachta ábhartha arna iarraidh sin dó chun dlíthiúlacht na próiseála a fhíorú, chun féinfhaireachán a dhéanamh agus chun sláine agus slándáil iomchuí sonraí a áirithiú.

AIRTEAGAL 14

An t-údarás maoirseachta

1. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go mbeidh údarás poiblí ann a bheidh freagrach as cosaint sonraí (an t-údarás maoirseachta) chun maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar ábhair a dhéanann difear do cheart chun príobháideachais daoine aonair, lena n-áirítear na rialacha intíre is ábhartha faoin gComhaontú seo, d'fhonn cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra dá chéile faoin údarás a ainmníonn siad mar údarás maoirseachta.

2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an méid seo a leanas a áirithiú maidir le gach údarás maoirseachta:

(a) gníomhóidh sé ar bhealach a bheidh go hiomlán neamhspleách agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige agus a chumhachtaí á bhfeidhmiú aige; gníomhóidh sé saor ó thionchar seachtrach agus ní iarrfaidh sé ná ní ghlacfaidh sé treoracha; beidh téarma oifige slán ag a chomhaltaí, lena n-áirítear coimircí i gcoinne baint threallach;

(b) beidh na hacmhainní daonna, teicniúla agus airgeadais, an t-áitreabh agus an bonneagar is gá ag gach údarás maoirseachta chun a chúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach agus a chumhachtaí a fheidhmiú go héifeachtach;

(c) beidh cumhachtaí éifeachtacha imscrúdaithe agus idirghabhála ag gach údarás maoirseachta chun maoirseacht a dhéanamh ar na comhlachtaí a ndéanann sé maoirseacht orthu agus chun dul i mbun imeachtaí dlíthiúla;

(d) beidh cumhachtaí ag gach údarás maoirseachta gearáin a éisteacht ó dhaoine aonair maidir leis an úsáid a bhaineann na húdaráis inniúla atá faoina mhaoirseacht as a sonraí pearsanta.

AIRTEAGAL 15

Sásamh riaracháin agus breithiúnach

1. Beidh ag na hábhair sonraí an ceart chun sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach a fháil i gcás sáruithe ar na cearta agus ar na coimircí a aithnítear sa Chomhaontú seo a eascraíonn as próiseáil a sonraí pearsanta. Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra dá chéile faoin reachtaíocht intíre a mheasann gach ceann acu go bhforáiltear do na cearta a ráthaítear faoin Airteagal seo léi.

2. Áireofar leis an gceart chun sásamh éifeachtach riaracháin agus breithiúnach a fháil dá dtagraítear i mír 1 an ceart chun cúiteamh a fháil as aon damáiste a rinneadh don ábhar sonraí.

CAIBIDIL III

MALARTÚ SONRAÍ NEAMHPHEARSANTA

AIRTEAGAL 16

Prionsabail cosanta sonraí le haghaidh sonraí neamhphearsanta

1. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach foráil maidir le sonraí neamhphearsanta a mhalartófar faoin gComhaontú seo a phróiseáil go cóir agus go dleathach, agus ar bhealach lena n-áiritheofar slándáil iomchuí na sonraí neamhphearsanta.

2. Tráth aistriú na sonraí neamhphearsanta, féadfaidh údarás inniúil an aistrithe aon srian ar rochtain orthu nó ar an úsáid atá le baint astu a chur in iúl i dtéarmaí ginearálta nó i dtéarmaí sonracha, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena n-aistriú ar aghaidh, lena léirscriosadh nó lena ndíothú tar éis tréimhse áirithe ama, nó leis an bpróiseáil bhreise a dhéanfar orthu. I gcás inar léir go bhfuil gá le srianta den sórt sin tar éis na sonraí neamhphearsanta a sholáthar, cuirfidh údarás inniúil an aistrithe an t-údarás is faighteoir ar an eolas dá réir sin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go gcomhlíonfaidh an t-údarás inniúil is faighteoir aon srian ar rochtain nó ar úsáid bhreise na sonraí neamhphearsanta arna gcur in iúl ag údarás inniúil an aistrithe mar a thuairiscítear i mír 2.

4. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach nach n-aistreoidh a údaráis inniúla sonraí neamhphearsanta a fuarthas i sárú follasach ar chearta an duine a aithnítear le noirm an dlí idirnáisiúnta atá ceangailteach ar na Páirtithe Conarthacha. Áiritheoidh gach Páirtí Conarthach nach mbainfear úsáid as na sonraí neamhphearsanta a fhaightear chun pionós an bháis nó aon chineál céastóireachta nó íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach a iarraidh, a thabhairt nó a chur i gcrích.

AIRTEAGAL 17

Sonraí neamhphearsanta a fhaightear a aistriú ar aghaidh

1. Áiritheoidh an Bhrasaíl nach n-aistreoidh a húdaráis inniúla sonraí neamhphearsanta a fhaightear faoin gComhaontú seo chuig údaráis eile sa Bhrasaíl, chuig údarás tríú tír ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta, ach amháin sa chás seo a leanas:

(a) tá údarú sainráite tugtha ag Europol roimh ré;

(b) tá an t-aistriú ar aghaidh faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí céanna leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an aistriú bunaidh.

Gan dochar d'Airteagal 16(2), ní gá an ceanglas a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh i gcás inar údarás inniúil de chuid na Brasaíle é an t-údarás féin is faighteoir.

2. Áiritheoidh an tAontas nach n-aistreoidh Europol sonraí neamhphearsanta a fhaightear faoin gComhaontú seo chuig comhlachtaí eile de chuid an Aontais ná chuig údarás tríú tíortha ná chuig eagraíocht idirnáisiúnta, ach amháin sa chás seo a leanas:

(a) tá údarú sainráite tugtha ag an mBrasaíl roimh ré;

(b) tá an t-aistriú ar aghaidh faoi réir na gcoinníollacha agus na gcoimircí céanna leo siúd a bhfuil feidhm acu maidir leis an aistriú bunaidh.

Gan dochar d'Airteagal 16(2), ní gá an ceanglas a leagtar amach i bpointe (a) den chéad fhomhír den mhír seo a chomhlíonadh i gcás inar cheann de na comhlachtaí nó na húdaráis a liostaítear in Iarscríbhinn III é an t-údarás féin is faighteoir.

CAIBIDIL IV

COMHFHORÁLACHA MAIDIR LE MALARTÚ SONRAÍ PEARSANTA AGUS NEAMHPHEARSANTA

AIRTEAGAL 18

Measúnú ar iontaofacht na foinse agus ar chruinneas na sonraí

1. Cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl a mhéid is féidir, ar a dhéanaí tráth aistriú na sonraí pearsanta, iontaofacht fhoinse na sonraí arna malartú faoin gComhaontú seo trí úsáid a bhaint as na lipéid seo a leanas de réir a gcritéar comhfhreagrach:

(a) '(A)', i gcás nach bhfuil aon amhras ann faoi bharántúlacht, faoi iontaofacht ná faoi inniúlacht na foinse, nó má fuarthas na sonraí ó fhoinse a fuarthas go raibh sí iontaofa i gcónaí, san am atá thart;

(b) '(B)', i gcás gur foinse a fuarthas go raibh a cuid faisnéise iontaofa an chuid is mó den am atá ag soláthar na sonraí;

(c) '(C)', i gcás gur foinse a fuarthas go raibh a cuid faisnéise neamhiontaofa an chuid is mó den am atá ag soláthar na sonraí;

(d) '(X)', i gcás nach féidir iontaofacht na foinse a mheas.

2. Cuirfidh na húdaráis inniúla in iúl, a mhéid is féidir, ar a dhéanaí tráth aistriú na sonraí, cruinneas na sonraí trí úsáid a bhaint as na lipéid seo a leanas de réir a gcritéar comhfhreagrach:

(a) '(1)', i gcás sonraí nach bhfuil amhras ann maidir lena gcruinneas tráth an aistrithe;

(b) '(2)', i gcás sonraí is eol go pearsanta don fhoinse ach nach eol go pearsanta don oifigeach a bhfuil sí á cur ar aghaidh aige;

(c) '(3)', i gcás sonraí nach eol go pearsanta don fhoinse ach atá comhthacaithe le faisnéis eile atá taifeadta cheana féin;

(d) '(4)', i gcás sonraí nach eol go pearsanta don fhoinse agus nach féidir a chomhthacú.

3. I gcás ina dtiocfaidh an t-údarás inniúil is faighteoir ar an gconclúid, ar bhonn faisnéise atá ina sheilbh cheana féin, gur gá ceartú a dhéanamh ar an measúnú ar shonraí arna soláthar ag údarás inniúil an aistrithe nó ar fhoinse na faisnéise sin i gcomhréir le míreanna 1 agus 2, cuirfidh sé an t-údarás inniúil sin ar an eolas faoi sin agus déanfaidh sé iarracht teacht ar chomhaontú maidir le leasú ar an measúnú. Ní athróidh an t-údarás inniúil is faighteoir an measúnú ar na sonraí a fhaightear ná ar fhoinse na sonraí sin gan comhaontú den sórt sin.

4. Má fhaigheann údarás inniúil sonraí gan mheasúnú, déanfaidh sé iarracht a mhéid is féidir agus, i gcás inar féidir, i gcomhaontú le húdarás inniúil an aistrithe measúnú a dhéanamh ar iontaofacht na foinse nó ar chruinneas na sonraí ar bhonn na faisnéise atá ina sheilbh cheana féin.

5. Mura féidir measúnú iontaofa a dhéanamh, déanfar meastóireacht ar na sonraí i gcomhréir le mír 1, pointe (d), agus le mír 2, pointe (d), de réir mar is infheidhme.

AIRTEAGAL 19

Slándáil sonraí

1. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go ndéanfar sonraí a aistreofar faoin gComhaontú seo a phróiseáil ar bhealach lena n-áiritheofar slándáil iomchuí sonraí.

2. Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go gcuirfear bearta teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme chun sonraí a mhalartófar faoin gComhaontú seo a chosaint. Déanfaidh Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle cur chun feidhme na mbeart sin a shonrú a thuilleadh.

3. Maidir le huathphróiseáil sonraí, áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go gcuirfear bearta chun feidhme a bheidh ceaptha chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) rochtain ar threalamh próiseála a úsáidtear le haghaidh próiseáil sonraí (rialú rochtana ar threalamh) a shéanadh ar dhaoine neamhúdaraithe;

(b) léamh, cóipeáil, athrú nó baint neamhúdaraithe mheáin sonraí a chosc (rialú meáin sonraí);

(c) ionchur neamhúdaraithe sonraí a chosc agus cigireacht neamhúdaraithe, leasú neamhúdaraithe nó scriosadh neamhúdaraithe na sonraí stóráilte a chosc (rialú stórála);

(d) cosc a chur ar dhaoine neamhúdaraithe a bhfuil trealamh cumarsáide á úsáid acu úsáid a bhaint as córais uathphróiseála sonraí (rialú úsáideoirí);

(e) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag daoine atá údaraithe chun córas uathphróiseála a úsáid ach ar na sonraí atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana (rialú rochtana sonraí);

(f) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé hiad na comhlachtaí a bhféadfar sonraí a tharchur chucu nó a bhfuil sonraí pearsanta tarchurtha chucu agus úsáid á baint as trealamh cumarsáide sonraí (rialú cumarsáide);

(g) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé acu na sonraí a cuireadh isteach i gcórais uathphróiseála, cén uair a cuireadh isteach na sonraí agus cé a chuir isteach iad (rialú ionchuir);

(h) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cad iad na sonraí pearsanta a ndearna duine den fhoireann iad a rochtain, cén duine den fhoireann a bhí i gceist, agus cén t-am a ndearna an duine sin é sin (loga rochtana);

(i) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí le linn sonraí a aistriú nó le linn meán sonraí a aistriú (rialú iompair);

(j) a áirithiú gur féidir córais atá suiteáilte, i gcás idirbhriste, a aischur láithreach (athshlánú);

(k) a áirithiú go bhfeidhmeoidh feidhmeanna an chórais gan locht, go ndéanfar lochtanna a thiocfaidh aníos sna feidhmeanna a thuairisciú láithreach (iontaofacht) agus nach bhféadfadh mífheidhmeanna córais sonraí stóráilte a thruailliú (sláine).

CAIBIDIL V

DÍOSPÓIDÍ

AIRTEAGAL 20

Díospóidí a réiteach

Na díospóidí ar fad a thiocfaidh chun cinn i ndáil le léirmhíniú, cur i bhfeidhm nó cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus aon ábhair a bhaineann leis, beidh comhairliúcháin agus caibidlíocht ann idir ionadaithe na bPáirtithe Conarthacha d'fhonn teacht ar réiteach a bheidh comhaontaithe go frithpháirteach.

AIRTEAGAL 21

Clásal fionraíochta

1. I gcás neamhchomhlíonadh oibleagáidí a eascraíonn as an gComhaontú seo, féadfaidh ceachtar Páirtí Conarthach an Comhaontú seo a chur ar fionraí go sealadach, go hiomlán nó go páirteach, trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí Conarthach eile trí bhealaí taidhleoireachta. Ní thabharfar an fógra i scríbhinn sin go dtí go mbeidh na Páirtithe Conarthacha tar éis gabháil do thréimhse réasúnach comhairliúcháin gan teacht ar réiteach agus beidh éifeacht leis an bhfionraí 20 lá ón dáta a bhfaighfear an fógra sin. Féadfaidh an Páirtí Conarthach a chuirfidh an Comhaontú seo ar fionraí deireadh a chur leis an bhfionraí sin tráth a thabharfar fógra i scríbhinn don Pháirtí Conarthach eile. Cuirfear deireadh leis an bhfionraí láithreach a luaithe a gheofar an fógra sin.

2. D'ainneoin an Comhaontú seo a chur ar fionraí, leanfar de shonraí pearsanta agus neamhphearsanta a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo agus a aistrítear roimh a fhionraí a phróiseáil i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 22

Foirceannadh

1. Féadfaidh ceachtar de na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a fhoirceannadh aon tráth trí fhógra i scríbhinn a thabhairt trí bhealaí taidhleoireachta. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 3 mhí tar éis an dáta a fhaightear an fógra.

2. Má thugann ceachtar Páirtí Conarthach fógra foirceanta faoin Airteagal seo, cinnfidh na Páirtithe Conarthacha cé na bearta is gá chun a áirithiú go dtabharfar aon chomhar a thionscnófar faoin gComhaontú seo i gcrích ar bhealach iomchuí. In aon chás, maidir leis na sonraí pearsanta agus na sonraí neamhphearsanta a fhaightear trí chomhar faoin gComhaontú seo sula scoirfidh sé de bheith i bhfeidhm, áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go gcoinneofar ar bun an leibhéal cosanta faoinar aistríodh na sonraí pearsanta agus sonraí neamhphearsanta tar éis don fhoirceannadh a theacht i bhfeidhm.

CAIBIDIL VI

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 23

Gaol le hionstraimí idirnáisiúnta eile

Leis an gComhaontú seo, ní dhéanfar dochar ná difear ar bhealach eile do na forálacha dlíthiúla a mhéid a bhaineann leis an malartú faisnéise dá bhforáiltear le haon chonradh maidir le cúnamh frithpháirteach dlí, le haon chomhaontú nó socrú comhair eile, nó le haon chaidreamh oibre forfheidhmithe dlí eile i ndáil le faisnéis a mhalartú idir an Bhrasaíl agus aon Bhallstát den Aontas.

AIRTEAGAL 24

Malartú faisnéis rúnaicmithe

I gcás inar gá faoin gComhaontú seo, leagfaidh Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle síos na socruithe maidir le malartú faisnéise rúnaicmithe.

AIRTEAGAL 25

Iarrataí ar rochtain phoiblí

Iarrataí ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid ina bhfuil sonraí pearsanta nó neamhphearsanta a aistrítear de bhun an Chomhaontaithe seo, cuirfear faoi bhráid Pháirtí Conarthach an aistrithe lena gceadú a luaithe is féidir.

AIRTEAGAL 26

Pointe teagmhála náisiúnta agus oifigigh idirchaidrimh

1. Ainmneoidh an Bhrasaíl pointe teagmhála náisiúnta laistigh de Phóilíní Cónaidhme na Brasaíle chun gníomhú mar lárphointe teagmhála idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle. Tabharfaidh an Bhrasaíl fógra don Aontas faoina pointe teagmhála náisiúnta ainmnithe.

2. Áiritheoidh an Bhrasaíl go mbeidh an pointe teagmhála náisiúnta ar fáil go leanúnach 24 uair an chloig sa lá agus 7 lá na seachtaine.

3. Aon mhalartú díreach idir Europol agus údaráis inniúla eile de chuid na Brasaíle, a bheidh teoranta do chomhthéacs na n-oibríochtaí sonracha, ní mór údarú a fháil roimh ré agus go sainráite ón bpointe teagmhála náisiúnta ina leith.

4. Féadfaidh Europol agus an Bhrasaíl a gcomhar a neartú mar a leagtar síos sa Chomhaontú seo trí oifigeach idirchaidrimh amháin nó níos mó ná sin a imscarfaidh an Bhrasaíl. Féadfaidh Europol oifigeach idirchaidrimh amháin nó níos mó a imscaradh chuig an mBrasaíl. Leagfaidh Europol agus Póilíní Cónaidhme na Brasaíle síos cúraimí na n-oifigeach idirchaidrimh, a n-uimhir agus na costais lena mbaineann.

AIRTEAGAL 27

Bealach slán cumarsáide

Bunófar bealach slán cumarsáide chun sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle. Leagfaidh Europol agus Póilíní Cónaidhme na Brasaíle síos na socruithe maidir le bunú, cur chun feidhme, costais agus oibriú an bhealaigh shláin cumarsáide.

AIRTEAGAL 28

Speansas

Áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go n-iompróidh na húdaráis inniúla a speansais féin, ar speansais iad a thagann chun cinn le linn an Comhaontú seo a chur chun feidhme, mura leagtar síos a mhalairt idir Europol agus Póilíní Cónaidhme na Brasaíle.

AIRTEAGAL 29

Fógra a thabhairt maidir le cur chun feidhme

1. Déanfaidh gach Páirtí Conarthach foráil maidir lena n-údaráis inniúla doiciméad a chur ar fáil go poiblí ina leagfar amach i bhfoirm intuigthe na forálacha maidir le sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú seo a phróiseáil, lena n-áirítear na bealaí atá ar fáil chun cearta na n-ábhar sonraí a fheidhmiú. Cuirfidh gach Páirtí Conarthach cóip den doiciméad sin ar fáil i bhfógra don Pháirtí Conarthach eile.

2. Mura bhfuil siad i bhfeidhm cheana, áiritheoidh gach Páirtí Conarthach go nglacfaidh a n-údaráis inniúla rialacha lena sonraítear conas a dhéanfar comhlíonadh na bhforálacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta a aistrítear faoin gComhaontú seo a fhorfheidhmiú go praiticiúil. Cuirfidh gach Páirtí Conarthach cóip de na rialacha sin ar fáil i bhfógra don Pháirtí Conarthach eile agus do na húdaráis mhaoirseachta faoi seach.

3. Is trí bhealaí taidhleoireachta, in aon nóta briathartha amháin, a dhéanfaidh Páirtí Conarthach fógraí de bhun Airteagail 14(1), 15(1), 26(1), 29(1) agus 29(2).

AIRTEAGAL 30

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha an Comhaontú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an dáta a bhfaighfear an fógra i scríbhinn deireanach lenar thug na Páirtithe Conarthacha fógra dá chéile trí bhealaí taidhleoireachta go bhfuil na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 curtha i gcrích.

3. Chun go dtiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, is gá don Pháirtí Conarthach eile glacadh leis na fógraí ó Pháirtí Conarthach dá dtagraítear in Airteagal 29(3) trí bhealaí taidhleoireachta. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá tar éis an dáta a bhfaighfear an glacadh deireanach leis na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 29(3).

4. Ón dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm, áiritheoidh na Páirtithe Conarthacha go n-aisghairfear go pras aon ionstraim dlí eile lena rialaítear an comhar idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle.

AIRTEAGAL 31

Leasuithe

1. Féadfar an Comhaontú seo a leasú i scríbhinn aon tráth trí chomhthoil idir na Páirtithe Conarthacha trí fhógra i scríbhinn a dhéanfar a mhalartú trí bhealaí taidhleoireachta. Tiocfaidh na leasuithe ar an gComhaontú seo i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta dlíthiúil céanna dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) agus (2).

2. Féadfar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú seo a leasú, de réir mar is gá, ach nótaí taidhleoireachta a mhalartú. Tiocfaidh leasuithe den sórt sin i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta dlíthiúil dá bhforáiltear in Airteagal 30(1) agus (2).

3. Rachaidh na Páirtithe Conarthacha i mbun comhairliúcháin i ndáil le leasuithe ar an gComhaontú seo nó ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí Conarthach.

AIRTEAGAL 32

Athbhreithniú agus meastóireacht

1. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a athbhreithniú go comhpháirteach bliain amháin tar éis dó teacht i bhfeidhm, agus go tráthrialta ina dhiaidh sin, agus ina theannta sin má iarrann ceachtar Páirtí Conarthach amhlaidh agus má chinntear go comhpháirteach é.

2. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha meastóireacht chomhpháirteach ar an gComhaontú seo 4 bliana tar éis dháta a chur i bhfeidhm.

3. Déanfaidh na Páirtithe Conarthacha cinneadh roimh ré maidir leis na socruithe maidir leis an athbhreithniú ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo agus cuirfidh siad comhdhéanamh a bhfoirne faoi seach in iúl dá chéile. Ar na foirne beidh saineolaithe ábhartha ar chosaint sonraí agus ar fhorfheidhmiú an dlí. Faoi réir na ndlíthe is infheidhme, ceanglófar ar na rannpháirtithe uile in athbhreithniú rúndacht na bpléití a urramú agus imréitigh shlándála iomchuí a bheith acu. Chun críocha aon athbhreithnithe, áiritheoidh an tAontas agus an Bhrasaíl go mbeidh rochtain ar dhoiciméadacht, ar chórais agus ar phearsanra ábhartha.

AIRTEAGAL 33

Téacsanna barántúla

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach, sna teangacha seo a leanas: Béarla, Bulgáiris, Cróitis, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Rómáinis, Seicis, Slóivéinis, Slóvaicis, Spáinnis, Sualainnis agus Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs. I gcás ina mbeidh aon éagsúlacht idir téacsanna an Chomhaontaithe seo, beidh forlámhas ag an téacs Béarla.

DÁ FHIANÚ SIN, tá na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, tar éis an gComhaontú seo a shíniú.

Съставено в Брюксел на пети март две хиляди двадесет и пета година.

Hecho en Bruselas, el cinco de marzo de dos mil veinticinco.

V Bruselu dne pátého března dva tisíce dvacet pět.

Udfærdiget i Bruxelles den femte marts to tusind og femogtyve.

Geschehen zu Brüssel am fünften März zweitausendfünfundzwanzig.

Kahe tuhande kahekümne viienda aasta märtsikuu viiendal päeval Brüsselis.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις πέντε Μαρτίου δύο χιλιάδες είκοσι πέντε.

Done at Brussels on the fifth day of March in the year two thousand and twenty five.

Fait à Bruxelles, le cinq mars deux mille vingt-cinq.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an cúigiú lá de Mhárta sa bhliain dhá mhíle fiche a cúig.

Sastavljeno u Bruxellesu petog ožujka godine dvije tisuće dvadeset pete.

Fatto a Bruxelles, addì cinque marzo duemilaventicinque.

Briselē, divi tūkstoši divdesmit piektā gada piektajā martā.

Priimta du tūkstančiai dvidešimt penktų metų kovo penktą dieną Briuselyje.

Kelt Brüsszelben, a kétezerhuszonötödik év március havának ötödik napján.

Magħmul fi Brussell, fil-ħames jum ta' Marzu fis-sena elfejn u ħamsa u għoxrin.

Gedaan te Brussel, vijf maart tweeduizend vijfentwintig.

Sporządzono w Brukseli dnia piątego marca roku dwa tysiące dwudziestego piątego.

Feito em Bruxelas, em cinco de março de dois mil e vinte e cinco.

Întocmit la Bruxelles la cinci martie două mii douăzeci şi cinci.

V Bruseli piateho marca dvetisícdvadsaťpäť.

V Bruslju, petega marca dva tisoč petindvajset.

Tehty Brysselissä viidentenä päivänä maaliskuuta vuonna kaksituhattakaksikymmentäviisi.

Som skedde i Bryssel den femte mars år tjugohundratjugofem.

За Европейския съюз
Por la Unión Europea
Za Evropskou unii
For Den Europæiske Union
Für die Europäische Union
Euroopa Liidu nimel
Για την Ευρωπαική Ενωση
For the European Union
Pour l'Union européenne
Thar ceann an Aontais Eorpaigh
Za Europsku uniju
Per l'Unione europea
Eiropas Savienības vārdā –
Europos Sąjungos vardu
Az Európa Unió részéről
Għall-Unjoni Ewropea
Voor de Europese Unie
W imieniu Unii Europejskiej
Pela União Europeia
Pentru Uniunea Europeană
Za Európsku úniu
Za Evropsko unijo
Euroopan unionin puolesta
För Europeiska unionen



За Федеративна република Бразилия
Por la República Federativa de Brasil
Za Brazilskou federativní republiku
For Den Føderative Republik Brasilien
Für die Föderative Republik Brasilien
Brasiilia Liitvabariigi nimel
Για την Ομοσπονδιακή Δημοκρατία της Βραζιλίας
For the Federative Republic of Brazil
Pour la République fédérative du Brésil
Thar ceann Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle
Za Saveznu Republiku Brazil
Per la Repubblica federativa del Brasile
Brazīlijas Federatīvās Republikas vārdā —
Brazilijos Federacinės Respublikos vardu
A Brazil Szövetségi Köztársaság részéről
Għar-Repubblika Federattiva tal-Brażil
Voor de Federale Republiek Brazilië
W imieniu Federacyjnej Republiki Brazylii
Pela República Federativa do Brasil
Pentru Republica Federativă a Braziliei
Za Brazílsku federatívnu republiku
Za Federativno republiko Brazilijo
Brasilian liittovaltion puolesta
För Förbundsrepubliken Brasilien



IARSCRÍBHINN I

RÉIMSÍ COIREACHTA

Is iad seo a leanas na cionta coiriúla:

— an sceimhlitheoireacht,

— an choireacht eagraithe,

— gáinneáil ar dhrugaí,

— gníomhaíochtaí sciúradh airgid,

— an choireacht a bhaineann le substaintí núicléacha agus radaighníomhacha,

— smuigleáil inimirceach,

— gáinneáil ar dhaoine,

— an choireacht mhótarfheithicle,

— an dúnmharú, an mhórdhíobháil choirp,

— trádáil aindleathach in orgáin dhaonna agus fíochán daonna,

— fuadach, srianadh agus tógáil giall neamhdhleathach,

— ciníochas agus seineafóibe,

— robáil agus tromghoid,

— gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha, lena n-áirítear seaniarsmaí agus saothair ealaíne,

— caimiléireacht agus calaois,

— an choireacht i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais,

— déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaí airgeadais,

— cambheartaíocht agus sracaireacht,

— góchumadh agus pióráideacht táirgí,

— brionnú doiciméad riarachán agus gáinneáil orthu,

— brionnú airgid agus modhanna íocaíochta,

— an choireacht ríomhaire,

— éilliú,

— gáinneáil aindleathach ar airm, armlón agus pléascáin,

— gáinneáil aindleathach i speicis ainmhithe i mbaol,

— gáinneáil aindleathach ar speicis agus cineálacha plandaí atá i mbaol,

— an choireacht chomhshaoil, lena n-áirítear truailliú ó longfhoinsí,

— gáinneáil aindleathach ar shubstaintí hormónacha agus ar thionscnóirí fáis eile,

— mí-úsáid ghnéasach agus teacht i dtír gnéasach, lena n-áirítear ábhar a bhaineann le mí-úsáid ar leanaí agus sirtheoireacht leanaí chun críoch gnéasach,

— cinedhíothú, coireanna in aghaidh an chine dhaonna agus coireanna cogaidh.

Déanfaidh údaráis inniúla na Brasaíle measúnú ar na foirmeacha coireachta dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo i gcomhréir le dlí na Brasaíle agus déanfaidh Europol measúnú orthu i gcomhréir le dlíthe is infheidhme de chuid an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát.

IARSCRÍBHINN II

ÚDARÁIS INNIÚLA NA BRASAÍLE

Is iad seo a leanas údaráis inniúla na Brasaíle:

Póilíní Cónaidhme na Brasaíle

Póilíní Sibhialta na Stát agus an Cheantair Chónaidhme

Na haonaid den Aireacht Dlí agus Cirt agus Slándála Poiblí atá freagrach as cionta coiriúla a chosc agus a chomhrac i gcomhréir le dlí na Brasaíle

IARSCRÍBHINN III

COMHLACHTAÍ DE CHUID AN AONTAIS AGUS ÚDARÁIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS

(a) Comhlachtaí de chuid an Aontais:

Misin/oibríochtaí faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta, atá teoranta do ghníomhaíochtaí forfheidhmithe dlí

An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)

An Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)

An Banc Ceannais Eorpach (BCE)

Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

An tÚdarás um an Sciúradh Airgid agus Maoiniú na Sceimhlitheoireachta a Chomhrac (ÚSAC)

(b) na húdaráis atá freagrach as cionta coiriúla a chosc agus a chomhrac i mBallstáit an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 2, pointe (a), agus Airteagal 7 de Rialachán Europol.